BEARTAS PÁIRCEÁLÁ FEITHICLÍ DO SCOLÁIRÍ

Ceapadh Beartas Páirceála Feithiclí do Scoláirí Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin chun sláinte agus sábháilteacht gach duine ar thailte na scoile a chosaint. Ba chóir cloí i gcónaí le nósanna sábháilte tiomána.

a) Is pribhléid é tiomáint chuig an scoil agus abhaile do scoláirí sinsearacha amháin a bhfuil láncheadúnas tiomána acu.

b) Scoláirí a thiománann ar scoil, níor chóir dóibh imeacht ó láthair na scoile ag aon am, ach amháin má thugann an Príomhoide nó an Príomhoide Tánaisteach an chead sin dóibh.

c) Ní mór go bhfágfadh an scoláire eochracha a g(h)luaisteáin san oifig le linn an lae scoile.

d) Níl aon spásanna sannta do pháirceáil scoláirí ar thalamh an gcampas. Tá páirceál ar fáil ar Bhóthar Bhaile an Rí, taobh amuigh den champas.

e) Is é an scoláire a bhíonn go hiomlán freagrach as aon chaillteanas nó damáiste dá g(h)luaisteán, a threalamh nó a inneachar.

f) Is féidir tuairisc a chur chuig na húdaráis chuí má bhítear ag tiomáint ar róluas, go fíorchontúirteach, le iomarca glór srl.

g) Caithfidh gluaisteáin a ghlasáil ar maidin agus ní cóir dul isteach iontu ná iad a bhogadh le linn an lae gan cead oifigiúil.

h) Má fhanann scoláire déanach ar scoil le haghaidh gníomhaíochtaí seach-churaclaim / ranganna iarscoile srl., caithfidh an fheithicil fanacht páirceáilte go dtí go mbeidh an scoláire ag filleadh abhaile i ndiaidh na ngníomhaíochtaí breise sin.

i) Tá cosc ar scoláirí a bheith ag ithe, ag caitheamh, ag suí ina ngluaisteán nó ag spaisteoireacht timpeall na gluaisteáin.

j) Is féidir de bharr na rialacháin seo a shárú go gcuirfí gníomh smachtaithe i bhfeidhm

k) Chun claí le rialacha chead pleanála, níl aon phairceál fadthéarmach os comhair na scoile. Is féidir tuairisc a chur chuig Bainistíocht an gCampas sa chás go bhfágfar feithicil ann go fad-téarmach.

Glacadh leis an bpolasaí seo ar an 14ú Nollag, 2021.
Déanfar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo.